# Foclóireacht agus Frásaíocht na Gaeilge 2026

## **Gairm ar Pháipéir**

Reáchtálfar comhdháil ar an 27ú Bealtaine 2026 i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh ina gcuirfear foclóireacht agus frásaíocht na Gaeilge faoi chaibidil. Tugtar cuireadh do scoláirí achoimre i nGaeilge ar aon ábhar a bhaineann le foclóireacht agus/nó frásaíocht na Gaeilge a chur ar aghaidh. Cuirfear fáilte faoi leith roimh iarchéimithe agus scoláirí luathghairme atá i mbun taighde sna réimsí thuasluaite. Fáilteofar roimh pháipéir i nGaeilge a phléann le Gaeilge na hAlban agus Gaeilge Mhanann chomh maith.

Iarrtar ar dhaoine ar mhaith leo páipéar 20 nóiméad a léamh, teideal an pháipéir mar aon le hachoimre ghairid (250 focal) a chur chuig kniloingsigh@ucc.ie roimh an 28ú Feabhra 2026. Is féidir clárú don chomhdháil ag an nasc seo.

Beidh fáilte ar leith roimh pháipéir ar na téamaí seo a leanas:

- Canúineolaíocht
- Léacseolaíocht, sanasaíocht
- An fhoclóireacht stairiúil
- An phairéimeolaíocht (léann na seanfhocal), an phairéimeagrafaíocht (bailiú na seanfhocal)
- An fhoclóireacht/an fhrásaíocht dhátheangach nó ilteangach
- An fhoclóireacht/an fhrásaíocht agus léann an aistriúcháin
- An fhoclóireacht/an fhrásaíocht agus léann an chultúir
- Tiomsú foclóirí, tuairiscí ar thionscnaimh taighde
- An teangeolaíocht chorpais, teicneolaíochtaí teanga

Tuilleadh eolais: An Dr Katie Ní Loingsigh, Roinn na Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (kniloingsigh@ucc.ie)